



Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta - An Staidéar Taighde agus Meastóireachta
(Iar-bhunscoileanna Cás-Staidéir)

07 Samhain

A thuismitheoir, a chara,

Mar is eol duit, tá scoil do pháiste páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Tá an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) i mBaile Átha Cliath ag obair i comhpháirt le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Scéime Aitheantais. Mar chuid den obair seo, ba mhaith leis an FTO Grúpa Fócais a eagrú i scoil do pháiste do thuismitheoirí. Is ar an gCéadaoin, 13 Samhain, a bheidh an Grúpa Fócais do thuismitheoirí ar siúl, ag tosú ar **1.30 i.n.**

Tabharfaidh an Grúpa Fócais deis duit do thuairimí a chur in iúl maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i gcomhthéacs chur i bhfeidhm na Scéime, na dúshláin atá ann, agus cad is féidir a fheabhsú chun spriocanna na Scéime a bhaint amach. Beidh béim faoi leith ar an tumoideachas, dul chun cinn na ndaltaí i bhfoghlaim na Gaeilge agus sna hábhair eile trí Ghaeilge, teacht na ndaltaí ar chultúr na Gaeilge/Gaeltachta, agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun freastal ar riachtanais na ndaltaí le deacrachtaí foghlama.

Is iar-chigire na Roinne agus taighdeoir ón FTO a bheidh mar éascaitheoirí don Ghrúpa Fócais. Níl ainmneacha tuismitheoirí á n-úsáid san obair seo agus ní nochtfar ainmneacha tuismitheoirí ná ainmneacha scoileanna sa tuairisc a eascróidh as an obair seo. Meastar go mairfidh an Grúpa Fócais idir 40 nóiméad agus uair a chloig.

Tabhair faoi deara go ndéanfar taifead fuaime ar an nGrúpa Fócais. Cabhróidh sé seo leis an FTO léargas cruinn den agallaimh a fháil. Dar ndóigh, ní bheidh teacht ach ag taighdeoirí an FTO ar an taifead fuaime agus ar an scríbhinn a eascraíonn as. Scríosfar an taifead fuaime agus an scríbhinn in earrach 2020, nuair a fhoilseofar tuairisc ar an staidéar meastóireachta.

Iarrtar ort an fhoirm iniata a líonadh isteach agus í a chur chuig oifig na scoile taobh istigh de dhá lá chun cur in iúl go mbeidh tú in ann páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Fócais. Má bhíonn níos mó ná deichniúr in ann freastal ar an nGrúpa Fócais, beidh ar an scoil tuismitheoirí a roghnú go randamach.

Mise le meas,

Gerry Shiel

01 8065227

sceim@erc.ie

Foras Taighde ar Oideachas
Campus Choláiste Phádraig
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9
D09 AN2F

Foras Taighde ar
Oideachas
Educational
Research Centre



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta - An Staidéar Taighde agus Meastóireachta
(Iar-bhunscoileanna Cás-Staidéir) – Grúpa Fócais do Thuismitheoirí

Líon isteach an fhoirm seo, agus seol ar ais chuig oifig na scoile í más féidir leat freastal ar an nGrúpa Fócais do thuismitheoirí.

Ba mhaith liom freastal ar an nGrúpa Fócais i scoil mo pháiste ar an gCéadaoin, 13 Samhain, ag _____ i.r.

M'ainm: _____

Ainm agus Rang Leibhéal (Bliain) mo Pháiste: _____